Leagan Gaeilge

| Scéimeanna Tacaíochta Pobail - Forbairt Chultúir 2026<br><br>Foirm Iarratais<br>**Gníomhaíochtaí Bolscaireachta ar son na Gaeilge** | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Community Support Schemes - Cultural Development 2026<br><br>Application Form<br>**Irish Language Promotional Activities** |
|---|---|---|

| Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith | This form is also available in large print |
|---|---|
| Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge | |

| | |
|---|---|
| **AINM AN GHRÚPA IARRTHÓRA:**<br>**(Ainm dleathach do Ghrúpa / d'Eagraíocht)** | |

**Deimhnigh le do thoil gur chuir tú an méid seo a leanas isteach:**

| | |
|---|---|
| Foirm Iarratais comhlánaithe agus sínithe | **Tá** ☐ |
| Fianaise ar Uimhir thagartha cánach nó uimhir charthanachta (CHY), ag taispeáint ainm dleathach do Ghrúpa / d'Eagraíocht. | **Tá** ☐ |
| Cóip de Ráiteas Bainc nó Ráiteas Comhair Creidmheasa cothrom le dáta | **Tá** ☐ |
| Cóip de Pholasaí Árachais Dliteanais Phoiblí le deimhniú slánaithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe | **Tá** ☐ |
| Meastachán i leith gach mír chaiteachais atá á lorg I leith maoiniú deontais | **Tá** ☐ |

**NÍ DHÉANFAR BREITHNIÚ AR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÓ DHÉANACHA.**

Is féidir leat an t-iarratas comhlánaithe a chur isteach **ar cheann amháin** de na modhanna seo a leanas:

Trí ríomhphost chuig: gaeilge@cocogaillimh.ie (is é seo an modh is fearr linn chun iarratais a fháil – sínigh an fhoirm ar dtús, déan leagan scanta de ansin & agus cuir chugainn le ríomhphost í agus na doiciméid tacaíochta go léir in éineacht léi).

nó

Sa bpost chuig: Oifigeach Forbartha na Gaeilge, Seirbhísí Corpáideacha, Comhairle Chontae na *Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh*, H91 H6KX.

**Is é an dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha iarratais comhlánaithe ná 23ú Eanair 2026 ag 4.00 p.m.**

*Don Oifig Amháin:*
*An Dáta a Fuarthas an tIarratas:* ________________ *más iarratas cáilithe é, Uimh. Thag. a sannadh:* _______

## ROINN 1: MIONSONRAÍ FAOIN IARRATASÓIR

| | | |
|---|---|---|
| Ainm na hEagraíochta an Iarratasóra: | | |
| Seoladh na hEagraíochta an Iarratasóra: | | |
| Mionsonraí ar líne na Eagraíochta an Iarratasóra:<br>(Láithreán Gréasáin, Facebook, Twitter, Meáin Shóisialta Eile) | | |
| An bhfuil d'Eagraíocht cláraithe leis an PPN? | Tá ☐ **Uimh. Chlár.** ________________ Níl ☐ | |
| An Grúpa/Eagraíocht neamh-bhrabúis atá i gceist? | Is ea ☐ Ní hea ☐ | |
| Stádas Dlíthiúil do Ghrúpa/d'Eagraíochta: | | |
| Má tá an grúpa/eagraíocht cláraithe i gcomhair cánach/CBL, tabhair d'Uimh. Thagartha Cánach agus d'uimhir rochtana imréitigh r-chanach. | | |
| Más carthanas cláraithe atá i gceist, tabhair d'Uimhir Chláraithe Carthanais, le do thoil. | | |
| An líon iomlán Ball ar Choiste/Bhord an Ghrúpa/na hEagraíochta: | | |
| An líon ball foirne de chuid do Ghrúpa/d'Eagraíochta a fhaigheann íocaíocht:<br>An líon oibrithe deonacha i do Ghrúpa/d'Eagraíocht: | Lánaimseartha -<br>Lánaimseartha - | Páirtaimseartha -<br>Páirtaimseartha - |
| Ainmneacha Teagmhála le haghaidh comhfhreagrais:<br>(Tabhair ainmneacha teagmhála príomha agus cúltaca, le do thoil) | 1. | 2. |
| An Post sa Ghrúpa/san Eagraíocht? | | |
| Seoltaí ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais: | | |
| Uimhreacha Teileafóin le haghaidh Comhfhreagrais: | | |
| Cén ceantar bardasach a bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniúchán á dhéanamh chuige? | Baile Átha an Rí-Órán Mór ☐ Béal Átha na Sluaighe ☐<br>Conamara ☐ Baile Locha Riach ☐Tuaim ☐<br>Ar fud an chontae ☐ | |

**Cur síos ar aon imeacht atá beartaithe:**

| | |
|---|---|
| Ainm an Imeachta/Tionscadail: | |
| Dátaí an Imeachta/Tionscadail: | |
| Costas ar rannpháirtithe (más ann): | |
| Suíomh an Imeachta/Tionscadail (cuir Éirchód san áireamh): | |
| An bhfuil daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois bainteach leis an tionscadal/imeacht? Má tá, cuir bhur mBeartas maidir le Cosaint Leanaí ar fáil, le do thoil. | |

## ROINN 2: SONRAÍ FAOI GNÍOMHAÍOCHTAÍ BOLSCAIREACHTA AR SON NA GHAEILGE

| | |
|---|---|
| Cá mhéad duine a bheidh páirteach san imeacht/sa tionscadal? | |
| Déan cur síos ar aidhm/chuspóir do Ghrúpa agus tabhair liosta, póintí le hurchair, de bhur bpríomh-ghnóthachtálacha go dtí seo, le do thoil: | |

| |
|---|
| Déan cur síos ar an sprioc-ghrúpa atá i gceist, le do thoil, agus ar an ngá atá sainaitheanta mar rud a dtabharfar aghaidh air tríd an ngníomhaíocht atá beartaithe chun an Ghaeilge a Chur Chun Cinn: |
| • |

| |
|---|
| Déan cur síos, le do thoil, ar an ngníomhaíocht atá beartaithe agus sonraigh conas a dtabharfaidh sé aghaidh ar an ngá sin (má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniúchán chun trealamh a cheannach, daingnigh, le do thoil, conas atá an trealamh bainteach go díreach le cur i gcrích an imeachta): |
| |

| |
|---|
| Conas a dhéanfaidh an ghníomhaíocht (a) eolas ar an nGaeilge a mhéadú; (b) deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a úsáid; nó (c) dearcadh dearfach a chothú i leith úsáid na Gaeilge. |
| |

| |
|---|
| Conas a dhéanfar tionchar na gníomhaíochta seo ar úsáid na Gaeilge sa cheantar áitiúil/ag an sprioc-ghrúpa a choimeád ar bun? |
| |

## ROINN 3: MIONSONRAÍ AIRGEADAIS

**Tabhair miondealú le haghaidh an tionscadail/treallamh a bhfuil maoiniú á lorg ina leith.** Cuir san áireamh, le do thoil, meastachán/luachan amháin ar chostas oibre - fágfaidh easpa doiciméad tacaíochta d'iarratas neamhbhailí

| **Mír(eanna) C(h)aiteachais:** | **Méid:** |
|---|---|
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| **Caiteachas Iomlán ar an imeacht atá beartaithe:** | **€** |

| | |
|---|---|
| **An méid maoiniúcháin atá á iarraidh faoin Scéim seo:** | **€** |
| An méid Maoiniúcháin atá ar láimh de réir an Ráitis is déanaí de chuid an Chuntais Bainc/Comhair Creidmheasa (cuir an ráiteas sin i gceangal leis seo): | € |

| | |
|---|---|
| An bhfuil aon mhaoiniúchán nó aon chúnamh deontais eile faighte ag do Ghrúpa/d'Eagraíocht ón gComhairle, ó Ghníomhaireacht nó ó Roinn le bliain anuas? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil: | Tá ☐ Níl ☐ |
| | |

| | |
|---|---|
| An bhfuil aon mhaoiniúchán bailithe agaibh trí imeachtaí áitiúla bailithe airgid nó trí urraíocht le bliain anuas? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil: | Tá ☐ Níl ☐ |
| | |

| | |
|---|---|
| An bhfuil an togra seo ina chuid d'fhorbairt céimnithe nó de phleananna mórscála? Má tá, tabhair mionsonraí, le do thoil: | Tá ☐ Níl ☐ |
| | |

## ROINN 4: ADMHÁIL AGUS DEARBHÚ

| Má éiríonn leis an iarratas, conas a thabharfaidh do Ghrúpa/d'Eagraíocht admháil i leith na ranníocaíochta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe? |
|---|
| |

Thar ceann ár nEagraíochta, daingním an méid seo a leanas:

1. Tá na Téarmaí & na Coinníollacha is infheidhme maidir leis an maoiniúchán seo léite agam agus go dtuigim iad.
2. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo, agus an fhaisnéis go léir a thugtar in aon doiciméid tacaíochta, fíor agus cruinn.
3. Aontaím gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis a phróiseáil agus í a nochtadh do thríú páirtithe más gá sin chun cistí a riaradh, chun measúnú a thuairisciú agus ar mhaithe le hiniúchadh, agus toilím, thairis sin, go bhféadfaidh na páirtithe sin an fhaisnéis sin (ainm na heagraíochta is iarratasóir, méid an deontais a thugtar, mionsonraí faoin bhféile/imeacht a dtugtar maoiniúchán ina leith) a nochtadh a mhéid a bhaineann le margú nó cur chun cinn an mhaoiniúcháin seo.
4. Tuigim gur próiseas comórtais atá i gceist agus aontaím glacadh leis an gcinneadh a éireoidh as measúnú m'iarratais mar chinneadh críochnaitheach.
5. Daingním go bhfuil na beartais chuí go léir i bhfeidhm againn:
   a) Clúdach dóthanach cuí árachais le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí ☐
   b) Beartas Cosanta Leanaí i gcás ina bhfuil leanaí/daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois bainteach lenár ngníomhaíochtaí agus a bhfuil Dearbhú sínithe curtha isteach acu faoin An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ☐

Ní mór don Chathaoirleach, don Rúnaí nó don Chisteoir an Dearbhú seo a shíniú thar ceann na hEagraíochta is Iarratasóir:

| | |
|---|---|
| Ainm (i mbloclitreacha): | |
| Síniú: | |
| An Post san Eagraíocht is Iarratasóir: | |
| Dáta | |

| Critéir Mheasúnachta maidir le Deontais do Ghníomhaíochtaí Gaeilge | |
|---|---|
| Cáilíocht | Cáilíocht an togra agus an leibhéal riachtanais sa phobal áitiúil a bhfuil aghaidh á thabhairt air, agus ailíniú le beartais áitiúla agus náisiúnta. |
| Tionchar | A mhéid a mhéadóidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe eolas ar an nGaeilge, a mhéid a chruthófar deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid, a mhéid a chothófar dearcadh dearfach i leith úsáid na Gaeilge. |
| Acmhainneacht | Taithí cruthaithe, gnóthachtálacha roimhe seo, feidhmíocht roimhe seo maidir le maoiniúchán a fuarthas. |
| Inbhuanaitheacht & Forbairt | Indéantacht ó thaobh Cúrsaí Airgeadais agus ó thaobh an Tionscadail de. Tairbhe an deontais d'fhorbairt na Gaeilge go háitiúil sa cheantar. |
| Comhoibriú agus Uilechuimsitheacht | An leibhéal uilechuimsitheachta sóisialta i gclár na n-imeachtaí, agus an leibhéal rannpháirtíochta ó thaobh an phobail i gcoitinne de i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa/na hEagraíochta. |

# Scéimeanna Tacaíochta Pobail 2026

## Dáta Deiridh: 23 Eanáir 2026 @ 4pm

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil pobail áitiúla ar cheann dár n-acmhainní is fearr agus, mar aitheantas air sin, tá na Scéimeanna Tacaíochta Pobail forbartha aici chun tacaíocht airgeadais bhliantúil a sholáthar do réimse éagsúil imeachtaí agus tionscadal ar fud 3 Scéim ar leith: Forbairt Eacnamaíoch, Forbairt Pobail agus Forbairt Chultúrtha. Is iad aidhmeanna comhchoiteanna na scéimeanna sin ná:

1. Grúpaí pobail agus grúpaí deonacha a spreagadh páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt a bpobail áitiúil.
2. Tionscadail a mhaoiniú atá ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, agus ar an gcaoi sin, forbairt eacnanaíoch, pobail nó chultúrtha áitiúil a fheabhsú.
3. Tairbhí eacnamaíocha áitiúla a chur chun cinn, trí na hiarratasóirí deontais go léir a spreagadh a bheith ag '***Siopadóireacht go hÁitiúil***' mar gur féidir léi sin i dteannta a chéile difríocht mhór dá ngeilleagar áitiúil a dhéanamh.
4. Ceangail a chur chun cinn leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail trína cheangal ar gach iarratasóir a bheith ina b(h)all de Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae na Gaillimhe. Is féidir leat clárú anseo - https://www.galwaycountyppn.ie/registration-form/ - nó a chinntiú go bhfuil tú i do bhall de cheana féin anseo - https://www.galwaycountyppn.ie/members-directory/

Riachtanais:

- Ní mór Foirmeacha Iarratais a chomhlánú go hiomlán – ní bhreithneofar foirmeacha neamhiomlána nó iarratais gan doiciméid éigeantacha a cheanglaítear.
- Cinntigh, le do thoil, gurb é an tAinm Grúpa a chuireann tú isteach ar d'iarratas ar líne Ainm Dlíthiúil do Ghrúpa, i.e., is ionann é sin agus an t-ainm atá ar do Chuntas Bainc agus ar an bhFoirm Bunaithe Soláthraithe.
- Ní mór do Gach Grúpa a bheith bunaithe go hiomchuí agus, má iarrtar é, fianaise den bhunú a sholáthar, clárú mar ghrúpa deonach chun críocha cánach nó aon doiciméid/aon ghrianghraif eile sa bhreis a cheanglaítear chun a stádas a dheimhniú go hiomlán.
- Ní mór d'iarratasóirí na spriocdhátaí maoinithe go léir do chéimeanna iarratais & tarraingthe anuas a chomhlíonadh agus, má éiríonn leo, ní féidir leo a dtionscadal faofa a athrú gan toiliú Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Doiciméid Éigeantacha:

- Cóip de do Ráiteas Cuntais Bainc/Comhair Creidmheasa is cothroime le dáta in ainm oifigiúil/dlíthiúil do Ghrúpa.
- Cruthúnas ar Bheartas Árachais Dliteanais Phoiblí le slánú chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Ní mór do gach iarratasóir 1 luachan ar a laghad a chur isteach do gach mír chaiteachais dá lorgaítear maoiniú deontais – cuirimid i gcuimhne duit a bheith ag 'Siopadóireacht go hÁitiúil' nuair is féidir, le do thoil.
- Ní mór go mbeadh aon chomhthoilithe reachtúla a cheanglaítear don togra tionscadail i bhfeidhm ag céim iarratais agus go gcuirfí cruthúnais isteach le d'iarratas.

## Gníomhaíochtaí Bolscaireachta ar son na Gaeilge (gan riachtanas cistithe meaitseála)

I gcomhthéacs ár n-oidhreachta Eorpaí, is í an Ghaeilge an teanga liteartha labhartha is sine san Eoraip (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030). I gcomhthéacs an bheartais náisiúnta, tabharfar tús áite do mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí agus tionscadal a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

a) Eolas ar an nGaeilge a mhéadú.
b) Deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a úsáid.
c) Dearcthaí dearfacha i leith a húsáide a chothú.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?

Grúpaí/Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha, Grúpaí Ionadaíocha Gnó, Comhlachais Tráchtála, Grúpaí Spóirt, Grúpaí Óige, Scoileanna. Beidh feidhm ag uasdeontas €1,500, cé go mbeidh an chuid is mó de na deontais níos lú ná €500.

### Cad is féidir a mhaoiniú?

I measc samplaí de thionscadail tá:

- Maoiniú do thaighde ar oidhreacht shonrach na Gaeilge, e.g., logainmneacha, bailte fearainn, etc.
- Tionscadail atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar an phríomhtheanga chumarsáide sa Ghaeltacht.
- Ceardlanna pobail / ranganna chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i bpobail, e.g., chun gnólachtaí ar mhian leo seirbhís dhátheangach a chur ar fáil dá gcustaiméirí a spreagadh, cabhrú le heagraíochtaí deonacha ar mhian leo úsáid na Gaeilge ina n-eagraíochtaí a mhéadú.
- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí atá bunaithe ar an nGaeilge atá ar siúl trí mheán na Gaeilge, e.g., imeachtaí pobail nó gníomhaíochtaí cultúrtha, sóisialta, fóillíochta agus spóirt a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge (ní mór cuireadh a thabhairt d'Oifigeach na Gaeilge den Chomhairle chuig an imeacht).
- Gníomhaíochtaí de chuid Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí eile a dhéanann ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh trí mheán na Gaeilge le linn na bliana.